

**TUAIRISC AIRGEADAIS  
DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2014**

---

## OLLSCOIL LUIMNIGH

---

### TUARASCÁIL AN STIÚRTHÓRA AIRGEADAIS

---

#### 1 RÉAMHRÁ

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2014 de réir na formáide comhchuibhithe seo a aontaíodh go stairiúil, a d'fhorbair na hollscoileanna, an tÚdarás um Ard-Oideachas, agus an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste i gcomhar lena chéile.

Tá sraith ráiteas airgeadais chomhdhlúite, bunaithe ar phrionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh leo, á hullmhú freisin don bhliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2014. Cuimsíonn na ráitis seo gníomhaíochtaí fhochuideachtaí na hOllscoile, mar aon leis an bpríomhioncam agus an príomhchaiteachas atá leagtha amach sna ráitis airgeadais seo.

#### 2 IONCAM ATHFHILLTEACH

Tháinig méadú €3.30 milliún ar ioncam ó €124.24 milliún go €127.54 milliún.

Tháinig laghdú ar dheontais iomlána ón Stát ó €36.73 milliún go dtí €35.77 milliún, arb ionann é agus laghdú 2.6%. Tháinig laghdú 6.6% ar an mbundeontas athfhillteach Stáit ó €26.3m go €24.6m, agus bhí méadú 9% ar an deontas pinsin chun méadú ar chostais phinsin a chlúdach. Tháinig méadú 3.6% ar ioncam ó tháillí mac léinn ó €80.25 milliún go €83.17 milliún, rud a léiríonn polasaí leanúnach an Stáit an costas a bhaineann le maoiniú na hearnála trú leibhéal a aistriú ón Stát go dtí an mac léinn aonair.

Tháinig méadú ar an ioncam ó fhoinsí eile ó €7.25 milliún go €8.60 milliún, arb ionann é agus méadú 18.6%, de bharr méaduithe in ioncam ó phoist mhaoinithe, taighde ar conradh agus airgead ó thionscadail fhéinmhaoinithe eile agus ioncam ilghnéitheach a bhí fritháirithe de chuid ag laghdú in ioncam úis.

#### 3 CAITEACHAS AR SHEIRBHÍSÍ ACADÚLA AGUS AR SHEIRBHÍSÍ LENA MBAINNEANN

Mhéadaigh caiteachas ar Sheirbhísí Acadúla agus ar Sheirbhísí lena mbaineann ó €123.64 milliún go dtí €127.23 milliún, arb ionann é agus méadú 2.9%.

#### 4 TAIGHDE AR CONRADH AGUS TIONSCADAIL EILE FHÉINMHAOINITHE

Tháinig méadú 22.9% ar ioncam ó Thaighde ar Conradh ó €25.20 milliún go €31.01 milliún le linn na bliana atá faoi athbhreithniú. Cuirtear fáilte roimh an aisghabháil leanúnach i leibhéal ioncaim taighde agus táthar ag súil gur féidir an móiminteam seo a choinneáil nuair a chuirtear tuilleadh de thionscadal Bernal i bhfeidhm.

Tháinig méadú 3.1% ó €10.26 milliún go €10.58 milliún ar chaiteachas ar thionscadail fhéinmhaoinithe. Leanann an Ollscoil ar aghaidh le go leor de na gníomhaíochtaí stairiúla sa réimse seo a phríomhshruthú.

**TUARASCÁIL AN STIÚRTHÓRA AIRGEADAIS**

---

**5 CLÁR CAIPITIL**

B'ionann caiteachas caipitil na hOllscoile agus €20.5 milliún i rith na bliana; bhain €3.5 milliún le trealamh agus an chuid eile le talamh agus le foirgnimh. Méadú €3.5 milliún é seo ar an gcaiteachas iomlán caipitil sa bhliain roimhe sin.

Caitheadh €9.2m ar an bhFoirgneamh nua do Thionscadal Bernal ina mbeidh saotharlann lánfheistithe 7,459m<sup>2</sup> chun taighde deichniúr ollúna nua a chumasú.

Caitheadh €3.5m ar an Lárionad Náisiúnta do Thaighde Ábhar Feidhmeach. Forbróidh an tIonad seo ábhair agus modhanna nua sna réimsí a mbaineann tábhacht straitéiseach leo mar atá ábhair chógaisíochta agus chomhchodacha agus cuirfidh siad go mór le cumas taighde ábhar OL i mbithábhair, ábhair do chaomhnú fuinnimh agus do bhithchatalú. Cabhróidh an tIonad nua le dreasachtaí a chur ar fáil do chuideachtaí ilnáisiúnta chun teacht ar chumas taighde agus forbartha in Éirinn tríd an infreastruchtúr taighde a chruthú a ligeann do na tionscail seo a gcuid gníomhaíochtaí taighde agus forbartha a lonnú anseo.

Caitheadh €314k ar scéim Taistil Níos Cliste Ollscoil Luimnigh. Mar chuid den scéim tógadh cosáin roinnte do choisithe/rothaithe agus páirceáil shlán do rothair agus é mar aidhm ag an scéim iompar inbhuanaithe i leith taistil a chur chun cinn i measc na foirne agus na mac léinn chun iad a spreagadh le siúl, rothaíocht, taisteal ar an mbus agus carranna a roinnt seachas taisteal ina n-aonar.

Tá clár forbartha fisiciúla na hOllscoile á chur i bhfeidhm go rathúil de thoradh na geistí thar a bheith suntasach atá á gcur ar fáil don Ollscoil ag foinsí príobháideacha i gcomhar le maoiniú Stáit.

**6 CONCLÚID**

Taispeánann táirgeacht airgeadais na bliana faoi athbhreithniú barrachas €313k agus laghdú san easnamh carnach go €0.6m. Léiríonn sé seo éacht shuntasach sa timpeallacht gheilleagrach dhúshlánach ina bhfuilimid ag feidhmiú faoi láthair.

Cruthaíonn an laghdú leanúnach i leibhéal na ndeontas stáit mar aon leis an ranníocaíocht bhreise atá le déanamh ag mic léinn dúshlán oibríochtúla agus beidh ar an Ollscoil díriú ar ioncam neamhstáit a ghiniúint agus ar chostas a rialú d'fhonn leanúint ar aghaidh ag baint dea-thorthaí airgeadais amach.

Tá an Ollscoil tiomanta táirgeacht chomhardaithe a bhaint amach don bhliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2015 agus leanfaidh sí ar aghaidh ag déanamh a seacht ndícheall deireadh a chur leis an easnamh carnach atá fanta.

**John Field**  
**An Stiúrthóir Airgeadais**  
**17 Nollaig 2014**

**RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ**

---

**Ráiteas faoi Fhreagrachtaí**

Tá iallach ar an Ollscoil faoin gcomhaontú ar ghlac Ollscoileanna uile na hÉireann um Chomhchuibhiú ar Chuntais Airgeadais leis na ceartchuntais gnáthacha ar fháltas agus ar chaiteachas airgid, ar chibé bealach ina n-éilíonn an Comhaontú.

Agus na cuntais seo á n-ullmhú aige, ní mór don Ollscoil;

- Polasaithe oiriúnacha atá ag teacht leis an gcomhaontú um Chomhchuibhiú ar Chuntais Airgeadais a roghnú agus a fheidhmiú go rianúil;
- Cinnte agus meastacháin atá réasúnta agus ciallmhar a dhéanamh;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn leantach mura bhfuil an bonn sin míchuí;

Tá an Ollscoil freagrach as leabhair chearta cuntais a choimeád a léireoidh am ar bith stáid airgeadais na hOllscoile agus a aclaíonn é le deimhin a dhéanamh de go n-ullmhaítear a chuid ráiteas airgeadais ag teacht leis an gcomhaontú um Chomhchuibhiú ar Chuntais Airgeadais. Tá an Ollscoil freagrach chomh maith as cosaint na sóchmhainní uile faoina rialú agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh le calaois agus ainrialtacht eile a chosc nó a bhaint amach.

Ullmhófar tacar ar leith ráiteas airgeadais le géilleadh do agus le teacht leis na gnáthphrionsabail cuntasóireachta a nglactar leo go coitianta in Éirinn agus sa R.A. ar a shon gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo don Údarás um Ard-Oideachas ag teacht leis an gComhaontú um Chomhchuibhiú ar Chuntais Airgeadais.

D'ullmhaíodh na ráitis airgeadais ag teacht le téarmaí an ráitis freagrachta thuas agus dhein PricewaterhouseCoopers, iniúcháirí bainistíochta na hOllscoile iniúchadh orthu.

Ba chóir a thabhairt faoi deara gurb é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste is iniúcháir reachtúil don Ollscoil.

Thar ceann na hOllscoile

---

Uachtarán

---

An Stiúrthóir Airgeadais

**RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA**

---

**1. Ráitis Airgeadais**

Léiríonn na ráitis airgeadais gníomhaíochtaí teagaisc, taighde agus gníomhaíochtaí seirbhíse gaolmhara na hOllscoile.

**2. An Coinbhinsiún Cuntasaíochta**

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil, arna mionathrú chun athluacháil talún agus foirgneamh a chur san áireamh. Cuirtear i láthair iad de réir Armónú reatha Chomhaontú Cuntas Airgeadais a ghlacann Ollscoileanna na hÉireann ar fad. Ullmhófar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 30 Meán Fómhair 2014 agus do bhlianta ina dhiaidh sin i bhformáid nua ar bhunús comhdhlúite agus de réir prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe.

**3. Deontais Stáit do Chaiteachas Atarlaithe**

Aithnítear Deontais Atarlaithe ar bhonn fabhráithe. Áirítear Deontais Atarlaithe sa Chúlchiste Ginearálta, a úsáideadh chun sócmhainní dochta a cheannach agus chun cuid chaipitil de na muirir léasa a mhaoiniú.

**4. Deontais do Chaiteachas Caipitil**

Áirítear Deontais Stáit agus Eile do chaiteachas caipitil sna ráitis airgeadais den tréimhse ag brath ar an méid airgid tirim a fuarthas.

**5. Ioncam ó Tháillí**

Déantar ioncam ó tháillí a chuntasú ar bhonn fabhráithe agus tuairiscítear ag leibhéal táillí an AE. Áirítear ioncam ó tháillí Neamh-AE suas go dtí leibhéal an AE agus tuairiscítear aon ní breise (suas go dtí an Costas Aonaid gaolmhar is déanaí) faoi Ioncam Eile. Áirítear aon ní breise eile os cionn an Costas Aonaid gaolmhar is déanaí sna Cúlchuistí Srianata.

**6. Ioncam Eile**

Áirítear in Ioncam Eile muirear a thabhaítear ar thionscadail caipitil ar leith i ndáil leis an ioncam ó ús a fuair an Ollscoil cheana féin trí na tionscadail sin a mhaoiniú óna cistí féin. Toibhítear an muirear bunaithe ar an meán ráta úis a shaothraíonn an Ollscoil ar na taiscí agus bíonn sé mar chuid de chostas foriomlán an tionscadail chuif.

**7. Leithroinntí Ceadaithe**

Ullmhaítear an cuntas ioncaim agus caiteachais ar bhonn fabhráithe leis na heisceachtaí seo a leanas:

- i) Caiteachas neamhphá ranna acadúla agus ranna seirbhísí ar leith.
- ii) Trealamh Ranna agus Mion-oibreacha.

Sna cásanna sin tugtar iarmhéideanna inmheánacha chun cinn sa Chlár Chomhardaithe faoi Shócmhainní Reatha nó Dliteanais, mar is cuif.

**8. Sócmhainní Doхта agus Dímhneas**

Luacháladh talamh ar an úsáid reatha a baineadh as amhail an 1 Deireadh Fómhair 1998 ag luach €126,974 in aghaidh an acra. Luaitear na breiseanna ar fad eile ina dhiaidh ag costas.

Luacháiltear Foirgnimh, a fuarthas agus a tógadh roimh 1 Deireadh Fómhair 1998, ar bhunús úsáid reatha ag costas caighdeánach de €2,413 in aghaidh gach slat cearnach. Luacháiltear foirgnimh, a raibh cuid acu tógtha amhail an 1 Deireadh Fómhair 1998 ag an gcostas iarbhír. Luaitear na breiseanna ar fad eile ina dhiaidh ag costas. Dímhéastar gach foirgneamh mar atá luaite thíos.

Nuair a bhaineann le hábhar, ní dhéantar caipitlú mar chuid de na sócmhainní sin na costais airgeadais a bhaineann go díreach le tógáil talún agus foirgneamh. Más léir ó imeachtaí nó ó athruithe ar chúinsí nach mbeadh suim iompair sócmhainn seasta in-aisghábhála déantar athbhreithniú ar lagú na sócmhainne sin.

Léirítear Trealamh, Daingneáin agus Fearais ag costas lúide carnú dímhneas. Déantar díscríobh go dtí an cuntas ioncam agus caiteachais sa bhliain ina bhfaightear iad ar mhíreanna trealaimh a chosnaíonn níos lú ná €25,000 an ceann.

Tá saol úsáideach measta sócmhainní doхта le tagairt don dímhneas a ríomhtar faoin modh dronlíneach mar seo a leanas:

Foirgnimh	50 bliain
Trealamh agus Troscán	Suas le 10 mbliana
Trealamh Ríomhaireachta	3 bliana
Sócmhainní ar Léas	5 bliain nó tréimhse an léasa má bhíonn sin níos lú

Áirítear leis na méideanna athluacháilte foirgnimh ar leith, a mhaoinigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta an chéad uair.

**9. Caiteachas Caipitil a fhaightear ón bPríomhbhúisíeáad Teagaisc**

Muirearítear Caiteachas Caipitil, a mhaoinítear ón bPríomhbhúisíeáad Teagaisc, in aghaidh ioncaim sa bhliain a tabhaíodh an caiteachas. Cuirtear an caiteachas chun sochair an Chúlchiste Ghinearálta freisin, a léirítear mar chuid de Shócmhainní Doхта agus dímhéastar é de réir an Bheartais Chuntasaíochta atá léirithe thuas.

**10. Sócmhainní ar Léas**

Áirítear costas Sócmhainní Doхта a fuarthas faoi léasanna airgeadais i Sócmhainní Doхта agus díscríobhtar thar saol úsáideach na sócmhainní ag na rátaí atá leagtha amach sa bheartas thuas, nó thar thréimhse an léasa, cibé is lú.

**11. Cúlchiste Ginearálta**

Seasann an Cúlchiste Ginearálta do luach maoinithe, tar éis amúchta, a fheidhmítear do chríocha caipitil in éineacht leis an gcúlchiste a ghintear ar athluacháil foirgnimh agus an iarmhéid ar ghníomhaíochtaí seirbhísí coimhdeacha.

**RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA - / Ar Lean**

---

**12. Deontais agus Tionscadail Taighde**

Léirítear caiteachas taighde conartha glan ó rannfoc do chostais indéreacha. Áirítear ioncam ó dheontais taighde conartha sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais go dtí an méid a thabhaítear an caiteachas gaolmhar. Áirítear rannfoc taighde conartha do chostais indéreacha na hOllscoile agus áirítear iad in Ioncam Eile.

**13. Pinsin**

Bronnann Ollscoil Luimnigh Scéim Aoisliúntais sochair aoisliúntais a cheadaítear. Bíonn na scéimeanna, a sholáthraíonn sochair shainmhínithe, neamhsháraithe agus faightear sochair ó ioncam reatha de réir mar a thagann siad aníos. Dá réir sin, ní sholáthraíonn na ráitis airgeadais do dhliteanais na hOllscoile i ndáil le rannfoca a dhéanann comhaltaí na scéime nó do dhliteanas aoisliúntais achtúireach do chomhaltaí na scéime. Níor glacadh le ceanglais nochtaithe an chaighdeáin chuntasaíochta FRS17 ‘Sochair Scoir’, a eisíodh le déanaí, sna ráitis airgeadais sin a chuirtear i láthair de réir na formáide ‘Armónú Cuntas’ arna nglacadh ag gach Ollscoil Éireannach. Baineann ciallachais ag FRS 17 don Earnáil Phoiblí go ginearálta, ciallachais atáthar ag déanamh machnamh orthu faoi láthair.

**14. Airgeadra Coigríche**

Déantar idirbhearta in airgeadraí coigríche a aistriú ag na rátaí malartaithe ar na dátaí sin a tharla na hidirbhearta. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadraí coigríche go Euro ag an ráta malartaithe a bhíonn i bhfeidhm amhail an dáta ar an gClár Comhardaithe. Déileáiltear leis na brábúis nó cailleanais a bhíonn mar thoradh orthu ain laistigh den Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

**15. Cánachas**

Níl aon fhoráil déanta do chánachas mar go bhfuil stádas díolúinte cánach ag an Ollscoil.

**16. Seirbhísí Coimhdeacha**

Is éard is Seirbhísí Coimhdeacha ann ná seirbhísí a sholáthraítear ar an gcampus, ar bhonn aisghabháil costais agus a bhíonn leagtha amach le cothromú amach sa mheánthéarma. Aistrítear an glan aschur ar ghníomhaíochtaí mar sin chuig an gCúlchiste Ginearálta.

**17. Cúlchistí Srianta**

Áirítear le Cúlchistí Srianta an chuid neamhúsáidte de chistí a chuirtear ar fáil don Ollscoil do chríocho sainmhínithe.

**18. Coláiste Mhuire Gan Smál**

De réir an meabhrán tuisceana idir an Ollscoil agus Coláiste Mhuire Gan Smál, a leagann amach téarmaí an naisc idir an dá institiúid, aistrítear cistí a fhaigheann an Ollscoil thar ceann Coláiste Mhuire Gan Smál láithreach tar éis iad a fháil.

---

**OLLSCOIL LUIMNIGH**

---

**CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS REATHA DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR**

---

<b>IONCAM</b>	<b>NÓTAÍ</b>	<b>2014</b>	<b>2013</b>
		<b>€'000</b>	<b>€'000</b>
Deontais Stáit	1	35,769	36,734
Táillí Mac Léinn	2	83,173	80,248
Ioncam Eile	3	8,602	7,254
		<u>127,544</u>	<u>124,236</u>
Cláir Thaighde ar Chonradh agus Tograí Eile Féinchistithe	4	41,592	35,494
		<u>169,136</u>	<u>159,730</u>
Coláiste Mhuire Gan Smál			
Deontais Stáit		7,271	7,716
Táillí Mac Léinn		7,446	8,053
Lúide an méid a aistríodh chuig Coláiste		<u>(14,717)</u>	<u>(15,769)</u>
<b>Iomlán</b>		<b><u>169,136</u></b>	<b><u>159,730</u></b>
<b>CAITEACHAS</b>			
Coláistí agus Ranna	5	69,679	69,537
Seirbhísí Acadúla agus Eile	6	9,874	9,982
Áitreabh	7	12,784	12,931
An méid a leithroinneadh do Chríocha Caipitil	8	5,650	1,425
Lár-Riarachán agus Seirbhísí	9	13,366	14,729
Caiteachas Ginearálta Oideachais	10	1,305	1,282
Seirbhísí Mac Léinn	11	3,698	3,783
Caiteachas Ilghnéitheach	12	10,874	9,968
		<u>127,230</u>	<u>123,637</u>
Cláir Thaighde ar Chonradh agus Tograí Eile Féinchistithe	4	41,592	35,494
<b>Iomlán</b>	13	<b><u>168,822</u></b>	<b><u>159,131</u></b>
<b>Barrachas ar ghníomhaíochtaí roimh amúchadh ar Chúlchistí Caipitil agus Deontais, Seirbhísí Coimhdeacha agus Dímheas ar Shócmhainní Dochta</b>		<b>314</b>	<b>599</b>
Barrachas/(Easnamh) ar Sheirbhísí Coimhdeacha	14	43	(168)
Dímheas ar Shócmhainní Dochta	15	(12,204)	(11,735)
Gluaiseacht Cúlchiste Ginearálta	16	12,161	11,903
<b>BARRACHAS GLAN don bhliain</b>	24	<b><u>314</u></b>	<b><u>599</u></b>

Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 35.

---

Uachtarán

---

An Stiúrthóir Airgeadais



---

**OLLSCOIL LUIMNIGH**

---

---

**RÁITEAS GNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁN    DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR**

---

	<b>2014</b>	<b>2013</b>
	<b>€'000</b>	<b>€'000</b>
BARRACHAS don bhliain	314	599
	<hr/>	<hr/>
<b>Iomlán gnóthachain agus cailteanais aitheanta a bhaineann leis an mbliain</b>	<b>314</b>	<b>599</b>
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>

Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasáíochta, an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 35.

---

Uachtarán

---

An Stiúrthóir Airgeadais

---

**OLLSCOIL LUIMNIGH**

---

**CLÁR COMHARDAITHE****AN BHLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR**

---

	NÓTAÍ	2014 €'000	2013 €'000
<b>SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE</b>	17	<u>381,342</u>	<u>373,067</u>
<b>INFHEISTÍOCHTAÍ</b>	18	<u>6,429</u>	<u>6,334</u>
<b>SÓCMHAINNÍ REATHA</b>			
Iarmhéideanna Bainc agus Airgead Tirim		102,667	83,059
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	19	<u>12,045</u>	<u>8,655</u>
		114,712	91,714
<b>DLITEANAIS REATHA</b>			
Creidiúnaithe agus Caiteachas Fábhraithe	21	(95,733)	(100,682)
		<u>18,979</u>	<u>(8,968)</u>
<b>DLITEANAIS FHADTÉARMACHA</b>			
Creidiúnaithe dlite tar éis bliain amháin	27	<u>(33,492)</u>	<u>(9,397)</u>
<b>SÓCMHAINNÍ IOMLÁN LÚIDE DLITEANAIS REATHA</b>		<u><b>373,258</b></u>	<u><b>361,036</b></u>
<b>ARNA IONADÚ AG:</b>		<b>€'000</b>	<b>€'000</b>
Cúlchiste Ginearálta	22	349,685	337,684
Cúlchistí Srianata	23	24,163	24,256
Cúlchiste ioncaim	24	<u>(590)</u>	<u>(904)</u>
		<u><b>373,258</b></u>	<u><b>361,036</b></u>

Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 35.

---

Uachtarán

---

An Stiúrthóir Airgeadais

	NÓTAÍ	2014 €'000	2013 €'000
<b>GLAN-INSREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRÍOCHTA</b>	25	15,040	2,808
<b>AISCHUR Ó INFHEISTÍOCHTAÍ AGUS SEIRBHÍSIÚ AIRGEADAIS</b>			
(Glan) Ús Faighte		885	1,534
<b>CAITEACHAS CAIPITIL</b>			
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Dochta Inláimhsithe a fháil		(20,497)	(16,969)
Fáltais ó Dhíolachán Sócmhainní Dochta Inláimhsithe		(1)	(1)
<b>(EIS-SREABHADH) AIRGID ROIMH AIRGEADÚ</b>		<u>(4,573)</u>	<u>(12,628)</u>
<b>AIRGEADÚ</b>			
Deontais Chaipitil HEA		1	979
Neamhfháiltais Caipitil HEA		24,180	13,921
<b>INSREABHADH AIRGID Ó AIRGEADÚ</b>		<u>24,181</u>	<u>14,900</u>
<b>GLAN-INSREABHADH/(EIS-SREABHADH) AIRGID TAR ÉIS AIRGEADÚ</b>		<u>19,608</u>	<u>2,272</u>
<b>MÉADÚ/(LAGHDÚ) IN AIRGEAD TIRIM AGUS CÓIBHÉISEACHA</b>	28	<u>19,608</u>	<u>2,272</u>

Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 35.

---

**OLLSCOIL LUIMNIGH**

---

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS**

---

<b>NÓTA 1</b>	<b>2014</b>	<b>2013</b>
	<b>€'000</b>	<b>€'000</b>
<b>DEONTAIS STÁIT</b>		
Deontas Atarlaithe	24,592	26,337
Deontas Pinsin	10,874	9,968
Sprioc-Mhaoiniú do Thionscnaimh Speisialta	245	369
Mion-oibreacha	58	60
	<hr/>	<hr/>
<b>Iomlán</b>	<b>35,769</b>	<b>36,734</b>
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>
<b>NÓTA 2</b>	<b>2014</b>	<b>2013</b>
	<b>€'000</b>	<b>€'000</b>
<b>TÁILLÍ MAC LÉINN</b>		
Táillí Mac Léinn	81,994	79,265
Ioncam ó Tháillí Ilghnéitheach	1,179	983
	<hr/>	<hr/>
<b>Iomlán</b>	<b>83,173</b>	<b>80,248</b>
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>
<b>Nóta 3</b>	<b>2014</b>	<b>2013</b>
	<b>€'000</b>	<b>€'000</b>
<b>IONCAM EILE</b>		
Ús Infhaighte (Glan)	1,472	1,648
Poist Maoinithe	1,159	611
Cláir Thaighde ar Chonradh agus Tograí Eile Féinchistithe	2,326	1,599
Ranníoca		
Ioncam Ilghnéitheach	3,645	3,396
	<hr/>	<hr/>
<b>Iomlán</b>	<b>8,602</b>	<b>7,254</b>
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>
<b>NÓTA 4</b>	<b>2014</b>	<b>2013</b>
	<b>€'000</b>	<b>€'000</b>
<b>CLÁIR THAIGHDE AR CHONRADH AGUS TOGRAÍ EILE FÉINCHISTITHE</b>		
Cláir Thaighde ar Chonradh	31,011	25,230
Tograí Eile Féinchistithe	10,581	10,264
	<hr/>	<hr/>
<b>Iomlán</b>	<b>41,592</b>	<b>35,494</b>
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>

**OLLSCOIL LUIMNIGH**

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGID -/ar lean**

<b>NÓTA 5</b>	<b>Costais Pá €'000</b>	<b>Neamhphá €'000</b>	<b>2014 €'000</b>	<b>2013 €'000</b>
<b>COLÁISTÍ AGUS RANNA</b>				
Acadúil	48,287	-	48,287	47,050
Teicniúil	3,330	-	3,330	3,365
Tacaíocht Riaracháin	10,324	-	10,324	9,707
Amhábhair agus Speansais	0	7,669	7,669	9,307
Ilghnéitheach	-	69	69	108
<b>Iomlán</b>	<b>61,941</b>	<b>7,738</b>	<b>69,679</b>	<b>69,537</b>
<b>NÓTA 6</b>				
	<b>Costais Pá €'000</b>	<b>Neamhphá €'000</b>	<b>2014 €'000</b>	<b>2013 €'000</b>
<b>SEIRBHÍSÍ ACADÚLA AGUS EILE</b>				
Leabharlann	2,146	2,004	4,150	4,147
Teicneolaíocht an Eolais	2,562	1,044	3,606	3,796
Oideachas Comhoibritheach agus an Rannán Gairme	1,171	947	2,118	2,039
<b>Iomlán</b>	<b>5,879</b>	<b>3,995</b>	<b>9,874</b>	<b>9,982</b>
<b>NÓTA 7</b>				
	<b>Costais Pá €'000</b>	<b>Neamhphá €'000</b>	<b>2014 €'000</b>	<b>2013 €'000</b>
<b>ÁITREABH</b>				
Cothú Áitribh	1,815	3,646	5,461	6,032
Seirbhísí Ginearálta	94	3,965	4,059	3,708
Mion-Oibreacha	-	10	10	52
Árachas	-	434	434	365
Costais Fhuinnimh	-	2,820	2,820	2,774
<b>Iomlán</b>	<b>1,909</b>	<b>10,875</b>	<b>12,784</b>	<b>12,931</b>
<b>NÓTA 8</b>				
	<b>Costais Pá €'000</b>	<b>Neamhphá €'000</b>	<b>2014 €'000</b>	<b>2013 €'000</b>
<b>MÉID LEITHROINTE DO CHRÍOCHA CAIPITIL</b>				
Tionscadail Chaipitil	-	5,606	5,606	1,425
Trealamh	-	44	44	-
<b>Iomlán</b>	<b>-</b>	<b>5,650</b>	<b>5,650</b>	<b>1,425</b>

OLLSCOIL LUIMNIGH

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS-/ ar lean

NÓTA 9	Costais Pá €'000	Neamhphá €'000	2014 €'000	2013 €'000
<b>LÁR RIARACHÁN AGUS SEIRBHÍSÍ</b>				
Foireann	7,618	-	7,618	7,126
Seirbhísí agus Amhábhair	-	4,610	4,610	6,643
Muirir Ghairmiúla	-	32	32	184
Ilghnéitheach	-	1,106	1,106	776
<b>Iomlán</b>	<b>7,618</b>	<b>5,748</b>	<b>13,366</b>	<b>14,729</b>
<b>NÓTA 10</b>				
	Costais Pá €'000	Neamhphá €'000	2014 €'000	2013 €'000
<b>CAITEACHAS GINEARÁLTA OIDEACHAIS</b>				
Speansais Scrúdaithe	275	238	513	507
Scoláireachtaí/ Deontais/Tarscaoileadh	-	-	-	0
Costais Ilghnéitheacha	250	542	792	775
<b>Iomlán</b>	<b>525</b>	<b>780</b>	<b>1,305</b>	<b>1,282</b>
<b>NÓTA 11</b>				
	Costais Pá €'000	Neamhphá €'000	2014 €'000	2013 €'000
<b>SEIRBHÍSÍ MAC LÉINN</b>				
Deontais Chaipitlíochta agus Eile	-	1,076	1,076	1,010
Spóirt agus Áinéas	495	95	590	547
Sláinte agus Comhairleoireacht	556	41	597	736
Seirbhísí Pearsanra Mac Léinn	1,147	288	1,435	1,490
<b>Iomlán</b>	<b>2,198</b>	<b>1,500</b>	<b>3,698</b>	<b>3,783</b>
<b>NÓTA 12</b>				
	Costais Pá €'000	Neamhphá €'000	2014 €'000	2013 €'000
<b>CAITEACHAS ILGHNÉITHEACH</b>				
Pinsin	10,874	-	10,874	9,968
<b>Iomlán</b>	<b>10,874</b>	<b>-</b>	<b>10,874</b>	<b>9,968</b>
<b>NÓTA 13</b>				
	Costais Pá €'000	Neamhphá €'000	2014 €'000	2013 €'000
<b>COMHDHÉANAMH AN CHAITEACHAIS IOMLÁN</b>				
Seirbhísí Acadúla agus Gaolmhara	90,944	36,286	127,230	123,637
Taighde ar Chonradh agus Tograí	17,214	24,378	41,592	35,494
Eile Féinchistithe	-	-	-	-
<b>Caiteachas Iomlán</b>	<b>108,158</b>	<b>60,664</b>	<b>168,822</b>	<b>159,131</b>

**OLLSCOIL LUIMNIGH**

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS-/ar lean**

<b>NÓTA 14</b>	<b>Ioncam</b>	<b>Caiteachas</b>	<b>2014 Barrachas / (Easnamh) €'000</b>	<b>2013 Barrachas / (Easnamh) €'000</b>
<b>SEIRBHÍSÍ COIMHDEACHA</b>	<b>€'000</b>	<b>€'000</b>		
Seirbhísí Athghrafacha	63	(10)	53	83
An tIonad Náisiúnta Oiliúna agus Traenála	0	1	1	(587)
Ionad Gníomhaíochta Killaloe	333	(344)	(11)	335
	<u>396</u>	<u>(353)</u>	<u>43</u>	<u>(169)</u>
<b>Gluaiseacht ar Sheirbhísí Coimhdeacha</b>				

**NÓTA 15**

**DÍMHEAS AR SHÓCMHAINNÍ DOCHTA**

	<b>2014 €'000</b>	<b>2013 €'000</b>
Talamh agus Foirgnimh	8,592	8,254
Trealamh	3,612	3,481
Sócmhainní ar Léas	0	0
<b>Iomlán</b>	<u><b>12,204</b></u>	<u><b>11,735</b></u>

**NÓTA 16**

**GLUAISEACHT CÚLCHISTÍ GINEARÁLTA**

	<b>2014 €'000</b>	<b>2013 €'000</b>
Amúchadh ag teacht le Dímhéas (Barrachas)/Easnamh Seirbhísí Coimhdeacha chuíg an gCuntas Cúlchiste Ginearálta	12,204 (43)	11,735 169
<b>Iomlán</b>	<u><b>12,161</b></u>	<u><b>11,904</b></u>

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS-/ ar lean

NÓTA 17

Sócmhainní Seasta Inláimhsithe	Talamh & Foirgnimh €'000	Trealamh €'000	Sócmhainní ar léas €'000	2014 Iomlán €'000
<b>Costas/Luacháil amhail an 30 Meán Fómhair 2013</b>				
Luacháil	190,308	-	-	190,308
Costas	252,206	49,904	536	302,646
	<b>442,514</b>	<b>49,904</b>	<b>536</b>	<b>492,954</b>
<b>Breiseanna:</b>				
Breiseanna	16,952	3,545	-	20,497
Diúscairtí	-	(530)	-	(530)
	16,952	3,015	-	19,967
<b>Costas/Luacháil amhail an 30 Meán Fómhair 2014</b>				
Luacháil	190,308	-	-	190,308
Costas	269,158	52,919	536	322,613
<b>Iomlán</b>	<b>459,466</b>	<b>52,919</b>	<b>536</b>	<b>512,921</b>
<b>Dímheas</b>				
<b>Amhail an 30 Meán Fómhair 2013</b>	(87,750)	(31,601)	(536)	(119,887)
Diúscairtí	-	512	-	512
Dímheas don bhliain	(8,592)	(3,612)	-	(12,204)
<b>Amhail an 30 Meán Fómhair 2014</b>	<b>(96,342)</b>	<b>(34,701)</b>	<b>(536)</b>	<b>(131,579)</b>
<b>Glan Luach Leabhair 2013</b>	<b>354,764</b>	<b>18,303</b>	<b>-</b>	<b>373,067</b>
<b>Glan Luach Leabhair 2014</b>	<b>363,124</b>	<b>18,218</b>	<b>-</b>	<b>381,342</b>



---

**OLLSCOIL LUIMNIGH**

---

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS -/ar lean**

---

<b>NÓTA 18</b>	<b>2014</b>	<b>2013</b>
	<b>€'000</b>	<b>€'000</b>
<b>INFHEISTÍOCHTAÍ</b>		
Infheistíochtaí	6,429	6,334
<b>Iomlán</b>	<b>6,429</b>	<b>6,334</b>

Go príomhúil, áirítear ar na méideanna seo cistí a chuirtear i dtaisce ar bhonn méantéarmach/fadtéarmach i ndáil le tionscadail chaipitil sainiúla. Luaitear na méideanna seo ag costas.

<b>NÓTA 19</b>	<b>2014</b>	<b>2013</b>
	<b>€'000</b>	<b>€'000</b>
<b>FÉICHIÚNAITHE AGUS RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ</b>		
Cláir Thaighde ar Chonradh & Tograí Eile Féinchistithe	(592)	(500)
Iarmhéideanna Féichiúnaithe	2,780	2,777
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí eile	9,857	6,378
<b>Iomlán</b>	<b>12,045</b>	<b>8,655</b>

<b>NÓTA 20</b>	<b>2014</b>	<b>2013</b>
	<b>€'000</b>	<b>€'000</b>
<b>IONCAM CAIPITIL AGUS CAITEACHAS CHAIPITIL</b>		

**IONCAM**

Deontas ó HEA	1	979
Deontais ó Dheontóirí Príobháideacha	70	3,009
Ioncam Caipitil - Foinsí Eile	18,460	9,487
Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais Reatha	5,650	1,425
<b>Iomlán</b>	<b>24,181</b>	<b>14,900</b>

**CAITEACHAS**

Talamh/Foirgnimh	16,952	11,605
Trealamh	3,545	5,373
<b>Iomlán</b>	<b>20,497</b>	<b>16,978</b>
<b>Barrachas/(Easnamh) don bhliain</b>	3,684	(2,078)
<b>Easnamh ag tús na bliana</b>	(11,870)	(9,792)
<b>Easnamh ag deiridh na bliana</b>	<b>(8,186)</b>	<b>(11,870)</b>

## OLLSCOIL LUIMNIGH

### NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS-/ ar lean

NÓTA 21	2014 €'000	2013 €'000
<b>CREIDIÚNAITHE AGUS CAITEACHAS FABHRAITHE</b>		
Cláir Thaighde ar Chonradh agus Tograí Eile Féinchestithe	43,731	46,546
Deontais Stáit do Chaiteachas Atarlaithe a fuarthas roimh ré.	4,838	4,258
Táillí Acadúla a fuarthas roimh ré	16,781	18,294
Iasachtaí Bainc (Nóta 27)	1,238	1,553
Creidiúnaithe agus Fabhraithe eile	29,145	30,031
<b>Iomlán</b>	<b>95,733</b>	<b>100,682</b>

Tá €15.439m (2013: €15.691m) san áireamh i gCreidiúnaithe amhail an 30 Meán Fómhair 2014 i ndáil le tiomantais fhabhraithe do chaiteachas neamhphá i Ranna Acadúla agus i Seirbhísí Leabharlann.

NÓTA 22	2013 Iarmhéid Tosaigh €'000	Gluaiseacht Bliain Reatha €'000	2014 Iarmhéid Deiridh €'000
<b>Cúlchiste Ginearálta</b>			
Luacháil - Sócmhainní Dochta	157,328	-	157,328
Trealamh Taighde	23,578	2,766	26,344
Deontais Chaipitil Stáit	137,212	1	137,213
Aistriú Maoiniú Atarlaithe	41,793	5,650	47,443
Deonacháin Chaipitil	80,591	70	80,661
Eile	17,070	15,207	32,277
	<b>457,572</b>	<b>23,694</b>	<b>481,266</b>
<b>Amúchadh</b>			
Luacháil - Sócmhainní Dochta	5,221	-	5,221
Trealamh Taighde	(2,881)	-	(2,881)
Amúchadh ag teacht le Dímhéas Sócmhainní	(160,304)	(12,205)	(172,509)
Lúide Amúchadh Carntha ar Dhiúscairtí	38,076	512	38,588
<b>Iomlán</b>	<b>337,684</b>	<b>12,001</b>	<b>349,685</b>

NÓTA 23	2014 €'000	2013 €'000
<b>CÚLCHISTÍ SRIANTA</b>		
Iarmhéid ag tús na bliana	691	1,075
Ús ó Tobhaigh Mac Léinn agus Ioncam Eile (Glan)	(93)	(384)
<b>Iarmhéid amhail deiridh na bliana</b>	<b>598</b>	<b>691</b>

Áirítear leis na cistí sin airgead a leithroinn an Ollscoil chun raon forbairtí caipitil a mhaoiniú lena n-áirítear Foirgneamh Il-chríocha Spóirt agus Ionad Mac Léinn

**OLLSCOIL LUIMNIGH**

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS-/ ar lean**

<b>NÓTA 24</b>	<b>2014</b>	<b>2013</b>
	<b>€'000</b>	<b>€'000</b>
<b>CÚLCHISTE IONCAIM</b>		
Iarmhéid ag tús na bliana	(904)	(1,503)
Easnamh don bhliain	314	599
	<u>(590)</u>	<u>(904)</u>

<b>NÓTA 25</b>	<b>2014</b>	<b>2013</b>
	<b>€'000</b>	<b>€'000</b>
<b>GLAN-INSREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRÍOCHTA</b>		
Barrachas don bhliain	314	599
Lúide Ús Infhaighte (Glan)	(885)	(1,534)
Dímheas ar Shócmhainní Dochta	12,204	11,735
Amúchadh Cúlchistí Ginearálta	(12,204)	(11,734)
Barrachas/(Easnamh) i Seirbhísí Coimhdeacha	43	(169)
(Méadú) ar Infheistíochtaí	(95)	(59)
(Méadú) i bhFéichiúnaithe agus i Réamhíocaíochtaí	(3,390)	(2,080)
(Laghdú)/Méadú ar Chreidiúnaithe agus ar Fhabhrúithe	(4,949)	7,523
Méadú/(Laghdú) ar Dhhliteanais Fad-Téarmacha	24,095	(1,089)
(Laghdú) ar Chúlchistí Srianata	(93)	(384)
	<u>15,040</u>	<u>2,808</u>

<b>NÓTA 26</b>	<b>Amhail an 30 Meán Fómhair 2013</b>	<b>Sreabhadh Airgid</b>	<b>Amhail an 30 Meán Fómhair 2014</b>
	<b>€'000</b>	<b>€'000</b>	<b>€'000</b>
<b>ANAILÍS AR ATHRUITHE I NGLAN-CHISTÍ</b>			
Airgead Tirim	83,059	19,608	102,667
Iasachtaí Baine	(10,950)	(23,780)	(34,730)
	<u>72,109</u>	<u>(4,172)</u>	<u>67,937</u>

<b>NÓTA 27</b>	<b>2014</b>	<b>2013</b>
	<b>€'000</b>	<b>€'000</b>
<b>IASACHTAÍ BAINC</b>		
Dlite laistigh de bhliain amháin (Nóta 21)	1,238	1,553
Dlite i níos mó ná bliain amháin, ach nach mó ná dhá bhliain	986	906
Dlite i níos mó ná dhá bhliain, ach nach mó ná cúig bliana	3,497	3,220
Dlite i níos mó ná cúig bliana	29,009	5,271
Iomlán dlite i níos mó ná bliain amháin	33,492	9,397
	<u>34,730</u>	<u>10,950</u>

Tá na hiasachtaí thuas faoi ualach úis ach níl aon urrús ceangailte leis na hiasachtaí sin.

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS-/ ar lean

NÓTA 28	2014 €'000	2013 €'000
<b>ANAILÍS AR NA HATHRUITHE IN AIRGEAD TIRIM AGUS AR CHÓIBHÉISEACHA AIRGID TIRIM</b>		
Iarmhéid ag tús na bliana	83,059	80,787
Glan-Insreabhadh Airgid	19,608	2,272
<b>Iarmhéid ag deiridh na bliana</b>	<b>102,667</b>	<b>83,059</b>

NÓTA 29

**PINSEAN**

Muirearítear pá agus tuarastail glan ó ranníoca pinsin fostaithe (ba iad na ranníoca iomlán mar sin sa tréimhse ná €4.375m (2013: €4.218m) agus íoctar sochair ó ioncam reatha de réir mar a thagann siad aníos. Bhí luach €10.874m (2013: €9.968m) i bpinsin a íocadh sa bhliain a áireamh i gcaiteachas ilghnéitheach.

<b>Cuntas Rialaithe Pinsean</b>	2014 €'000	2013 €'000
<b>Iarmhéid Tosaigh</b>	<b>0</b>	<b>-</b>
<b>Ioncam</b>		
Ranníocaíochtaí an Fhostóra	1,931	1,255
Ranníocaíochtaí ó Fhostaithe	708	603
Aistrithe Pinsean isteach	-	-
Forlíonadh Ioncaim	-	-
Eile	8,235	8,110
<b>Ioncam iomlán</b>	<b>10,874</b>	<b>9,968</b>
<b>Caiteachas</b>		
Pinsean á íoc (forlíonadh san áireamh)	9,285	9,231
Íocaíochtaí cnapshuime ar scor	2,242	742
Íocaíochtaí 'bás le linn seirbhíse'	-	-
Aistrithe pinsean amach (íocaíochtaí airgid thirim)	-	-
Aisióc ranníocaíochtaí	135	103
Riarachán & Costais Eile	-	-
Ioncam i ndáil le blianta breise a cheannach	(788)	(108)
<b>Caiteachas Iomlán</b>	<b>10,874</b>	<b>9,968</b>
<b>(Easnamh)/Farasbarr don bhliain</b>	<b>0</b>	<b>0</b>
<b>Iarmhéid Deiridh - Deontas infhaighte ó/(iníoctha leis) an HEA</b>	<b>0</b>	<b>0</b>

NÓTA 30	2014 €'000	2013 €'000
<b>TIOMANTAIS CHAIPITIL</b>		
Ar Chonradh amhail an 30 Meán Fómhair	34,775	11,085
Údaraithe ach gan conradh amhail an 30 Meán Fómhair	6,731	28,947

Tá tiomantais ag an Ollscoil ag teacht as foirgnimh áirithe atá maoinithe ag airgeadú cáin-bhunaithe le luach €6.734m laistigh den tréimhse 1 bliain.

---

## OLLSCOIL LUIMNIGH

---

### NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS-/ ar lean

---

#### NÓTA 31

##### DLITEANAS TEAGMHASACH

Ní raibh aon dhliteanais theagmhasacha ann amhail an dáta ar an gclár comhardaithe.

#### NÓTA 32

##### PÁIRTITHE GAOLMHARA

Oibríonn Plassey Campus Centre Ltd., cuideachta gaolmhar teoranta le ráthaíocht, mar chuideachta shealbháochta agus riartar raon saoráidí ar campus.

Is fochuideachta ar lán-úinéireacht í Plassey Campus Developments Ltd., de Plassey Campus Centre Ltd. Is í an príomhghníomhaíocht a bhíonn aige ná ag fáil conarthaí agus ag forbairt maoinne ag an bPáirc Náisiúnta Teicneolaíochta.

Is fochuideachtaí lán-úinéireachta iad Plassey Trust Company Ltd., agus Kilmurray Village Ltd., de Plassey Campus Centre Ltd., agus is cuideachtaí iad atá teoranta ag ráthaíocht agus atá freagrach as riaradh a dhéanamh ar chóiríocht I sráidbhaile na mac léinn.

Is cuideachta gaolmhar é Foundation Ollscoil Luimnigh atá teroanta ag ráthaíocht. Is iad na cuspóirí atá ag an Foundation ná, taighde agus oideachas a chur ar aghaidh go ginearálta, go háirithe taighde agus oideachas a dhéanann Ollscoil Luimnigh agus comhlachtaí oideachais, taighde agus forbartha eile, a bhfuil baint acu le hOllscoil Luimnigh agus iad sa tóir ar oideachas, teagasc agus taighde.

Is fochuideachta lán-úinéireachta í Plassey Campus Arena Ltd. de chuid Plassey Campus Centre Ltd., atá teoranta ag ráthaíocht agus atá freagrach as oibríocht agus bainistíú Airéine na hOllscoile.

Tháinig Ceoláras na hOllscoile Teoranta chun cinn mar fhochuideachta faoi lánúinéireacht Plassey Campus Centre Ltd ar 31 Iúil 2012.

Tacaíonn Ceoláras na hOllscoile Teoranta le hOllscoil Luimnigh agus le forais oideachasúla eile i gcur chun cinn na n-ealaíon agus an cheoil do mhic léinn agus don phobal i gcoitinne.

#### NÓTA 33

##### IDIRBHEARTA PÁIRTITHE GAOLMHARA

Ba é Plassey Campus Developments Ltd. an príomhchonraitheoir a raibh baint acu le conarthaí forbartha maoinne leanúnacha le €15,672,107 in iomlán sa bhliain (2013: €3,485,341) thar ceann Ollscoil Luimnigh. Tá ionadaithe ón Ollscoil mar chomhaltaí de Plassey Campus Centre Ltd. Amhail an dáta ar an gclár comhardaithe bhí €2,986,624 (2013: €419,342) gan foc i ndáil le hobair chonartha mar sin.

#### NÓTA 34

##### ÚSÁID FUINNIMH

##### Forléargas ar Úsáid Fuinnimh in 2013/2014

Tá Ollscoil Luimnigh suite ar shuíomh 148.5 heicteár (i.e. 337 acra) a chuimsíonn spás teagaisc agus staidéir, spás oifige, áiseanna taighde, cóiríocht do mhic léinn agus áiseanna spóirt nach bhfuil a macasamhail le fáil sa tír.

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS-/ ar lean**

---

**NÓTA 34****ÚSÁID FUINNIMH – ar lean**

Cuirfidh Foirgneamh Bernal agus Céim 2 den Institiúid Eolaíochta Ábhar agus Dromchla atá le bheith críochnaithe sa bhliain airgeadais 2014/2015 beagnach 10,000m<sup>2</sup> le spás tógtha OL agus cuirfidh siad go mór le háiseanna taighde na hOllscoile.

In 2013/2014, d'úsáid Ollscoil Luimnigh 42.25 GWh fuinnimh, a chuimsigh:

- 20.7 GWh leictreachais.
- 21.55 GWh breosla iontaseach i bhfoirm gás nádúrtha (21.32 GWh) agus bulcphrópáin (0.23 GWh).

In 2013/2014 bhí a chéad bhliain iomlán feidhme ag an Lárionad nua Gnó Idirnáisiúnta (c. 3,600m<sup>2</sup>). De bharr geimhreadh níos séimhe mar aon le laghdú beag ar ídiú leictreachais bhí an t-ídiú iomlán leictreachais beagnach go díreach cosúil leis an bhfigiúr in 2012/2013.

**Gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu in 2013/2014**

- Cuireadh tús mar is ceart le tionscnamh an Champais Ghlais. Táthar ag éileamh creidiúnú an Champais Ghlais faoi na catagóirí seo a leanas:
  - Fuinneamh
  - Taisteal agus iompar
  - Bithéagsúlacht
- Tugadh faoi thionscnamh 'Múch don Deireadh Seachtaine' mar chuid den tSeachtain Ghlas. Rinneadh coigilteas thart ar 8% (nó 7,600 kWh) an deireadh seachtaine áirithe sin agus thug sé eolas úsáideach dúinn maidir le feachtas níos cuimsithí a chur ar siúl agus táthar ag súil go dtabharfar faoi seo le tacaíocht ó mhaoiniú SEAI.
- Baineadh úsáid as rphost, blag OL don Champas Glas <http://ulgreencampus.com>, foilseacháin inmheánacha agus sraith cainteanna fuinnimh don fhoireann agus do mhic léinn araon chun feachtas a mhéadú agus chun iompar éifeachtach fuinnimh a spreagadh.
- Rinneadh iarratas ar mhaoiniú ó SEAI faoin gClár Tacaíochta d'Fheachtas Feasachta Fuinnimh – Ag Spreagadh Daoine.
- Mar chuid d'fheachtas an Champais Ghlais fuarthas cúnaimh ó mhic léinn an cheathrú bliain sa Mhargáocht Fheidhmeach agus ó mhic léinn an tríú bliain sa Dearadh Táirgí chun baic a aithint agus chun comhairle a chur ar fáil maidir le conas spás a úsáid.
- Leanadh ar aghaidh ag déanamh éascaíocht do ranganna lasmuigh de ghnáthuaireanta sna foirgnimh is tíosaí ar fhuinneamh.

**Gníomhaíochtaí Beartaithe do 2014/2015**

- Comhaontú comhpháirtíochta a shíniú le SEAI chun cúnaimh a fháil le clár bainistíochta fuinnimh a chur i bhfeidhm atá bunaithe ar chlár gnímh bainistíochta SEAI (MAP).
- Cúnaimh a iarraidh ar SEAI chun tabhairt faoi iniúchtaí fuinnimh ar shampla ionadaíoch de chúig fhoirgneamh. Chun cabhrú lenár gcás ina leith seo molfaidh OL cur chuige barainneach iniúcháireachta fuinnimh mar atá leagtha amach sa cháipéisíocht. Mar thoradh ar na hiniúchtaí seo beidh clár deiseanna a aithneoidh tionscnaimh ar chostas íseal, meánchostas, ardchostas agus gan costas ar bith lena n-áirítear trealamh nua a fháil in áit seantrealamh agus trealamh neamhéifeachtúil.
- Creidiúnú an Champais Ghlais a bhaint amach faoi na ceannteidil seo a leanas:
  - Fuinneamh
  - Taisteal agus iompar
  - Bithéagsúlacht
- Mar chuid den Champas Glas cúnaimh a iarraidh ar mhic léinn an cheathrú bliain sa Cheannaireacht Mhargáochta chun feachtas feasachta fuinnimh a leagan amach.
- Feachtas feasachta fuinnimh a leagan amach agus a thosú ar bhonn céimithe. An feachtas a réachtáil le cabhair ó Chlár Tacaíochta SEAI d'Fheachtas Feasachta Fuinnimh – Ag Spreagadh Daoine, má éiríonn leis an iarratas ar mhaoiniú.

**NÓTA 35**

**CEADÚ RÁITIS AIRGEADAIS**

Is ar an Údarás Rialaithe atá an fhreagracht chun ráitis airgeadais na hOllscoile a fhaomhadh.

---

## OLLSCOIL LUIMNIGH

---

### TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ BAINISTÍOCHTA

---

Chuig baill Choiste Feidhmiúcháin Ollscoil Luimnigh.

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Ollscoil Luimnigh don bhliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2014 a chuimsíonn Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais reatha, an Ráiteas Gnóthachain agus Cailteanais aitheanta iomlána, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus nótaí gaolmhara. Cuireadh i bhfeidhm an comhaontú maidir le Comhchuibhriú Cuntas Airgeadais agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú.

#### **Freagrachtaí bhaill Choiste Feidhmiúcháin Ollscoil Luimnigh agus iniúcháirí faoi seach**

Faoi mar a mhínítear ar bhealach níos iomláine sa Ráiteas Freagrachtaí a leagtar amach ar leathanach 3, tá Coiste Feidhmiúcháin Ollscoil Luimnigh freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an chomhaontaithe maidir le Comhchuibhriú Cuntas Airgeadais agus polasaithe cuntasaíochta a leagtar amach sa Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta. Is í an fhreagracht atá orainn na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairim a thabhairt ina leith de réir an chomhaontaithe maidir le Comhchuibhriú Cuntas Airgeadais agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta (an Ríocht Aontaithe agus Éire). Éilíonn na caighdeáin sin go gcomhlíonaimid Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúcháirí an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta.

Ullmhaíodh an tuairisc seo, lena n-áirítear na tuairimí, do Choiste Feidhmiúcháin Ollscoil Luimnigh agus don choiste sin amháin, agus ní chun críoch ar bith eile. Agus ár dtuairim á cur i láthair againn, ní admhaímid ná ní ghlacaimid freagracht ar son aon chuspóra eile ná ar son aon duine eile dá dtaispeánfaí an tuairisc nó a d'fhéadfadh seilbh a fháil uirthi lena n-áirítear gan srian faoi aon oibleagáidí conartha de chuid na hOllscoile, ach amháin má thoilíomar go sonrath i bhfoirm scríofa é.

#### **Scóip an iniúchta ar na ráitis airgeadais**

Baineann iniúchadh le fianaise a fháil faoi na méideanna agus na nithe a nochtadh sna ráitis airgeadais atá leordhóthanach ionas go bhféadfaí ráthaíocht réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíshonrú ábharach, bíodh sin ann de bharr calaíochta nó de bharr earráide. Cuimsíonn sé seo measúnacht ar: an oireann na polasaithe cuntasaíochta do chúinsí na hOllscoile agus ar cuireadh i bhfeidhm go leanúnach iad agus an ndearnadh faisnéisí orthu mar is cuí; réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinne an Ollscoil; agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Tuairiscímid duit an tuairim atá againn cibé ar ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais go cuí agus de réir an Chomhaontaithe um Chomhchuibhriú Cuntas Ollscoileanna – comhaontú a nglacann gach Ollscoil in Éirinn leis. Luaimid cibé an bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin uile is gá chun críche na hiniúcháireachta faighte againn agus cibé an dtagann na Ráitis Airgeadais leis na leabhair chuntais. Tuairiscímid freisin cibé ar choinnigh an Ollscoil leabhair chuntais chúí, dar linn.

#### **Tuairim ar ráitis airgeadais**

Is é an tuairim atá againn i leith na ráiteas airgeadais don bhliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2014 ná gur ullmhaíodh mar is cuí iad, i ngach slí ábhartha, de réir an chomhaontaithe maidir le Comhchuibhriú Cuntas agus de réir na bpolasaithe cuntasaíochta mar a leagtar amach iad sa Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta.

#### **Béim ar ábhar – bunús an ullmhúcháin**

Agus muid ag teacht ar thuairim maidir leis na ráitis airgeadais, nach bhfuil leasaithe, tarraingímid aird ar an Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta a dhéanann cur síos ar mar a ullmhaítear na cuntais de réir an chomhaontaithe maidir le Comhchuibhriú Cuntas agus bunús an ullmhúcháin. Níl na polasaithe airgeadais a úsáidtear agus na nithe a nochtar ag teacht le riachtanais uile na gCleachtas Cuntasaíochta Coitianta in Éirinn agus níl sé i gceist acu teacht leo.

#### **Tuairim ar ábhair eile**

- Fuairéamar an fhaisnéis agus na míniúcháin uile is gá, dar linn, chun críche ár n-iniúchta.
- Is é an tuairim atá againn gur choimeád an Ollscoil leabhair chuntais chúí.
- Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.



---

**OLLSCOIL LUIMNIGH**

---

**TUAIRISC Ó NA HINIÚCHÓIRÍ BAINISTÍOCHTA NEAMHSPLEÁCHA/ar lean**

---

**Ábhair eile**

Ullmhóidh Ollscoil Luimnigh sraith ráiteas airgeadais de réir an Chleachtais Cuntasaíochta a nglactar leis go coitianta in Éirinn agus ullmhóimid tuairisc ar leith ó na hiniúcháirí don Údarás Rialála in am trátha.

**PricewaterhouseCoopers**  
**Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe**  
**Luimneach**

**17 Nollaig 2014**

---

**OLLSCOIL LUIMNIGH**

---

**ACHOIMRE CÚIG BLIANA - CAITEACHAS**

---

	<b>2009/10</b>	<b>%</b>	<b>2010/11</b>	<b>%</b>	<b>2011/12</b>	<b>%</b>	<b>2012/13</b>	<b>%</b>	<b>2013/14</b>	<b>%</b>
	<b>€'000</b>		<b>€'000</b>		<b>€'000</b>		<b>€'000</b>		<b>€'000</b>	
Coláistí agus Ranna	65,686	42	62,889	42	67,134	43	66,930	43	69,679	41
Cláir Thaighde ar Chonradh	25,472	16	22,348	15	24,282	16	25,196	16	31,011	18
Cláir Féin-Mhaoinithe Eile	17,061	11	16,151	11	9,194	6	10,223	7	10,581	6
Seirbhísí Acadúla agus Eile	10,164	6	9,402	6	9,186	6	9,699	6	9,874	6
Áitreabh	12,755	8	12,497	8	12,495	8	12,846	8	12,784	8
Lár-Riarachán agus Seirbhísí	10,862	7	11,295	8	12,334	8	14,428	9	13,366	8
Caiteachas Ginearálta Oideachais	1,935	1	2,024	1	1,875	1	2,580	2	1,305	1
Seirbhísí Mac Léinn	3,783	2	3,726	2	3,374	2	3,701	2	3,698	2
Caiteachas Ilghnéitheach	8,994	6	9,134	6	14,631	9	9,968	6	10,874	7
An méid a leithroinneadh do Chríocha Caipitil	1,591	1	1,100	1	1,207	1	1,425	1	5,650	3
Iomlán	<u>158,303</u>	<u>100</u>	<u>150,566</u>	<u>100</u>	<u>155,712</u>	<u>100</u>	<u>156,996</u>	<u>100</u>	<u>168,822</u>	<u>100</u>

Ní chuimsíonn an achoimre 5 bliana caiteachas a dhein Coláiste Oideachais Mhuire gan Smál ná cuid na hOllscoile do dhíluacháil bhliantúil.